# Scéal, Scéal, Scéal ...

COIS FHARRAIGE
fóram um pleanáil teanga

**1 Feabhra 2024** || Eagrán 182

*Scéilíní, nuaíocht agus fógraí as Cois Fharraige.*

## Lá'l Bríde 2024



Crios Bhríde mo chrios,
Muire is a Mac, Bríd is a brat
Más fearr atá sibh anocht
Go mba seacht fearr a bheidh sibh bliain ó anocht

# TURAS AN ITOA AR AN SPIDÉAL

Bhí comhdháil an ITOA, (Irish Tour Operators Association) an eagras a dhéanann ionadaíocht ar son na comhlachtaí turasóireachta cinn scríbe ar fud na tíre ar fad, san Óstán 'Glenlo Abbey', ar feadh deireadh seachtaine le gairid.

Mar chuid den chomhdháil thug suas le trí scór ionadaí camchuairt ar An Spidéal. Chuaigh na hionadaithe ar siúlóid treoirithe ón gCéibh Nua soir le cósta go dtí an Áirdín Buí, suas tríd an gCeardlann chomh fada leis an lárionad taifeada, Stiúideo Cuan, áit a bhfuaradar blaise de bheatha an Bhuilín Blasta, beoir ó dhrioglann na Ceathrún Rua, faisean ó Shiopa Standún agus plúr an cheoil agus damhsa ó ealaíontóirí áitiúla.

Dúirt áisitheoir na cuairte, Pádraic Mac Diarmada ó Chomhlacht Forbartha an Spidéil agus Pádraic Ó Ráinne ó Connemara Pub Tours gur lá iontach a bhí ann don turasóireacht chultúrtha sa Spidéal agus gur deá-chomhartha a bhí ann do chursaí turasóireachta i gConnamara Theas, leis an méid sin daoine as Tionscal an Fháilteachais, ag fáil léargas agus blaise de Chonnamara mar cheann scríbe turasóireachta.

Dúirt Príomhfheidhmeannach Fháilte Éireann, Paul Kelly agus Cathaoirleach Fháilte Éireann, Ruth Andrews go raibh siad thar a bheith tógtha leis an gcamchúairt ó thús go deireadh agus go raibh féidearthachtaí ollmhóra don chultúr mar áis thurasóireachta ag baile an Spidéil. Dúirt Meadbh Seoighe thar cheann Údarás na Gaeltachta, a rinne urraíocht ar an gcamchuairt, gur comhartha dochais é, an méid sin de stiúrthóirí chinn scríbe na turasóireachta a bheith tagtha le chéile sa Spidéal chun blaise beag a fháil den bhaile, atá ar thairseach na Gaeltachta.




# RANGANNA ACLAÍOCHTA

Tá téarma nua de ranganna aclaíochta tosaithe ag Christine Cox, sa Spidéal agus ar an Tulach. Is féidir tabhairt faoi dhianchampa, nó 'bootcamp' ar an Luan @ 7i.n. i Halla na Tulaigh, sula dtosaíonn rang pilates @ 8i.n. san ionad céanna.
I Halla Scoile Éinne, sa Spidéal, cuireann Christine rang ciorcad ar siúl @ 7i.n. roimh rang pilates @ 8i.n. ar an Déardaoin. Maireann na cúrsaí ocht seachtaine. Is féidir teagmháil a dhéanamh le Christine ag 087 121 0277

# FEACHTAS NUA - IS FIÚ GO MÓR É!

Tá feachtas nua, darbh ainm 'Is Fiú Go Mór É!' fógartha ag Tuismitheoirí na Gaeltachta. Ag croílár an fheachtais, tá sraith taifeadtaí, faoi thógáil clainne le Gaeilge sa Ghaeltacht, foilsithe ar chainéal 'YouTube' na heagraíochta. Na teaghlaigh féin a bheidh i lár an aonaigh agus na suáilcí a bhaineann le tógáil clainne le Gaeilge sa Ghaeltacht á bplé acu. Ghlac Aifric Ní Ghibne agus a máthair Deborah, Indreabhán, páirt sa bhfeachtas. Míníonn Aifric ina físeán chomh buíoch is atá sí dá cuid tuismitheoirí go ndearna siad an cinneadh í a thógáil le Gaeilge. Ghlac aon teaghlach déag (11) páirt sa taifead ó Dhún na nGall, Gaillimh agus Ciarraí. Beidh fógraí teilifíse agus raidió á gcraoladh mar chuid den fheachtas, fógraí á bhfoilsiú i nuachtáin agus ar líne chomh maith le físeáin agus ábhar eile á roinnt ar na meáin shóisialta. Is féidir teacht ar na físeáin ar chuntas Thuismitheoirí na Gaeltachta, ar 'YouTube'.






# OÍCHE CHEOIL DO VINCE


Tá oíche cheoil á reáchtáil ar mhaithe le Vince Barker ar an 16 Feabhra @ 7:30i.n. i dTigh Chualáin. Fuair Vince agus a chlann drochscéal le gairid, go bhfuil sé ag fulaingt de dheasca siada inchinne. Táthar ag súil le roinnt airgid a bhailiú ar an oíche ar mhaithe le Vince agus a chlann. Ní gá ticéad a cheannach ach fáilteofar roimh dheontais ar an oíche. Beidh Neansaí Ní Choisdealbha i láthair mar bhean an tí ar an oíche, agus beidh ceol den chéad scoth le cloisteáil ó Cheoltóirí Óga Chois Fharraige, Róisín agus Colm Seoighe agus na hÉasógaí, chomh maith le Cogar, Steve Sweeney, Tola Custy agus Laoise Kelly agus Muintir Hernon.




# FOLÚNTAS LE CÚLA4

Tá Meangadh Fíbín agus Cúla 4 sa tóir ar láithreoir teilifíse nua. Duine bríomhar, muiníneach atá ag teastáil le bheith mar bhall dá bhfoireann, ag obair ar chlár eolaíochta nua, do ghasúir. Le suim a léiriú sa bpost, iarrtar ar iarrthóirí CV chomh maith le físeán - ag tabhairt cur síos ar cheantar nó tírdhreach i do cheantar - a sheoladh chuig eolas@fibinmedia.ie Glacfar le hiarratais go dtí Dé hAoine 9 Feabhra. Le níos mó eolais a fháil, is féidir teagmháil a dhéanamh le: eolas@fibinmedia.ie




# CÚRSA I SÁBHÁILTEACHT BIA

Tá cúrsa de chuid HACCP maidir le sábháilteacht bia á reáchtáil ag Forbairt Tuaithe na Gaillimhe, i gcomphháirtíocht le Oideachas Pobail, Bord Oideachas & Oiliúna na Gaillimhe & Ros Comáin. I Muintearas, Tír an Fhia, Leitir Móir a bheas an cúrsa ar siúl ar an Satharn 17 Feabhra ó 9:30r.n. - 5i.n. Le níos mó eolais a fháil faoin gcúrsa, nó le clárú don chúrsa, is féidir teagmháil a dhéanamh le Deidre ag 087 969 5937 roimh 9 Feabhra.

# FOLÚNTAIS AG AN ITT

Fáiltíonn an ITT roimh iarratais do phostanna mar Oibrí Luathbhlianta, ar bhonn lánaimseartha agus páirt aimseartha. Ní mór d'iarrthóirí cáilíocht Leibhéal 5 nó 6 i gCúram Leanaí (QQI/FETAC nó a chomhionann) a bheith acu. Tá líofacht sa Ghaeilge riachtanach don phost seo. Tá an ITT ag glacadh le hiarratais freisin do ról an leas-bhainisteora. Beidh an leas-bhainisteoir freagrach as cúnamh agus tacaíocht i leith riaradh agus bainistiú an ionaid, ina iomláine. Tá an eagraíocht ag glacadh le hiarratais do ról an bhainisteora freisin. Beidh an té a cheapfar freagrach as riaradh agus bainistiú sheirbhísí an ITT, idir na seirbhísí naíolainne, naíonraí, chlubanna bricfeasta agus seirbhísí iarscoile. Le cur isteach ar aon cheann de na postanna thuasluaite, ní mór iarratais agus CV a sheoladh chuig ittancranntaca@gmail.com nó: ag An Rúnaí, An Crann Taca/Ionad Tacaíochta Teaghlaigh Na hAille, Indreabhán, Co. na Gaillimhe. Beidh eolas breise faoi na poist ar fáil ach teagmháil a dhéanamh le 091 399199 nó ríomhphost a sheoladh chuig ittancranntaca@gmail.com. Glacfar le hiarratais go dtí Dé Luain 12 Feabhra @ 5i.n.

# Síneadh



## Ealaín , Ceol ,
## comhluadara, Comhrá

**Ionad:** Seomra an Pobail H91 XFE8
**6-7.30i.n, Dé Domhnaigh, 4 Feabhra.**

# IÓGA SA SPIDÉAL

**Tá Ranganna Ióga agus Machnaimh, i nGaeilge agus i mBéarla, á reáchtáil ag Bairbre de Barra, i mBaile an tSagairt, sa Spidéal. I measc na ranganna, beidh Cleachtadh Suaimhneach do Dheireadh Lae: Ióga Yin, ar siúl ar an Máirt ó 8-9:15i.n. Chomh maith le sin, cuireann Bairbre ranganna agus ceardlanna aireachais ar fáil, chomh maith le cóitseáil comhtháite agus slánú reiki. Is féidir níos mó eolais a fháil faoi na ranganna ar an suíomh idirlín www.gealan.ie, nó teagmháil a dhéanamh le Bairbre ag 083 3357097, nó ríomhphost a chur chuig info@gealan.ie.**




# AN GARDA SÍOCHÁNA AG EARCÚ

**Tá comórtas earcaíochta an Gharda Síochána ar oscailt faoi láthair agus glacfar le hiarratais go dtí an 8 Feabhra 2024. Tá sé mar aidhm ag an nGarda Síochána níos mó daoine le Gaeilge a mhealladh i dtreo na hearnála. Bunaíodh Sruth na Gaeilge i bpróiseas earcaíochta an Gharda Síochána d'iarrthóirí atá líofa sa Ghaeilge i 2013 leis na seirbhísí a chuirtear ar fáil trí Ghaeilge a neartú. Fáilteofar roimh iarratais ó dhaoine atá inniúil sa Ghaeilge agus a chomhlíonann na critéir incháilithe cuí. Is féidir iarratas a dhéanamh agus tuilleadh eolais a fháil ag www.Publicjobs.ie nó ag an gcód QR seo.**

# COMÓRTAS BONN ÓIR SEÁN Ó RIADA

**Comhghairdeas le Frankie Mac Aodha, ón gCoill Rua a thug taispeántas ceoil den scoth ag Comórtas Bonn Óir Seán Ó Riada le gairid. Ba cheiliúradh iontach a bhí ann ar cheol agus traidisiún na Gaeltachta. Feictear Frankie anseo, le Mary Bergin, lena thuismitheoirí Niamh agus Jimmy agus a Mhamó Patsy.**



# ‘TONNTA’

**Beidh an fhéile ‘Tonnta’ á reáchtáil ag Gaillimh le Gaeilge, don chéad uair i mbliana ó 1-4 Feabhra. Beidh Liam Ó Maonlaí ag seinm le linn na féile agus beidh taifeadadh beo den phodchraoladh ‘Beo ar Éigean’ le cloisteáil chomh maith le roinnt imeachtaí don chlann freisin. Is féidir ticéid a fháil, chomh maith le sracfhéachaint a fháil ar an gclár iomlán ag www.tonnta.eu**

tonnta

# CÚRSA AIREACHAIS I mBEARNA

**Cuirfear tús le Cúrsa Aireachais, i mbunscoil Bhearna ar an Déardaoin, ó 7-8i.n. go luath. Le linn na seisiúin, díreofar ar an gcolainn, ar an análú agus na mothúcháin. Beidh na seisiúin feiliúnach dóibh siúd a bhíonn ag cleachtadh aireachais go rialta, ach ní gá go mbeadh taithí ag rannpháirtithe. Tá lascaine ar fáil má chláraíonn tú i nGaeilge. Ní mór duit scéal a chur ag Katie (katie@solasrelaxation.com) le do spás a chur in áirithe. Tá na sonraí ar fáil ar an suíomh idirlín www.solasrelaxation.com.**



# BRATACH BHRÍDE

D’eagraigh Comhlacht Forbartha an Spidéil searmanas an-deas ag an Airdín Buí ag meánlae inniu le Lá’l Bríde a mharcáil. Bhí Rang a Sé as Scoil Éinne faoi chúram a múinteora Caitríona Ní Fheinneadha i láthair leis an iomann *Canaimid duit, a Bhríd Naofa* a chasadh agus le bratach Bhríde a ardú ar an láthair den chéad uair ariamh.



# CÉ hIAD SEO?

Seo pictiúr a tógadh i gceantar an Spidéil sna ceathrachaidí nuair a bhí nós an brídeoige fós beo ar fud Chois Fharraige. Tá sé sa mbailiúchán mor pictiúirí atá ag Cnuasach Bhéaloideas Éireann. Níl aon ainmneacha acu, faraor! An mbeadh aon duine in ann cuidiú linn na mná seo a aithneachtáil?

